Soilse, Ceamara, Aicsean!

Iarrtar ort a bheith ag obair mar bhall de ghrúpa beag le gearrscannán a dhéanamh mar chuid d'ábhar a bhfuil sibh ag obair air sa rang. Mar ghrúpa, amharcaigí ar shraitheoga scannán eile agus pléigí iad roimh bhur scannán féin a dhéanamh.



Cuid 1

Bainigí úsáid as ceamara digiteach nó físcheamara le roinnt íomhánna neamhghluaiste nó íomhánna gluaiste a thaifeadadh.

Cuirfidh bhur múinteoir iad seo isteach i bpacáiste bogearraí cuí, mar shampla, Windows Movie Maker.

Socraígí na híomhánna seo i sraitheog a bhfuil scéal á insint aici.

Déanaigí machnamh ar dhóigheanna le bhur gcuid oibre a fheabhsú agus déanaigí athruithe ar bith atá de dhíth.

Sábhálaigí bhur gcuid oibre.

Soilse, Ceamara, Aicsean!

Cuid 2

Déanaigí clár scéalta a léiríonn plean an leagain amach do bhur scannán.

Bainigí úsáid as ceamara le híomhánna gluaiste éagsúla a chumadh agus a thaifeadadh.

Bainigí úsáid as pacáiste bogearraí cuí, mar shampla Windows Movie Maker, le híomhánna a iompórtáil agus le gearrscannán a dhéanamh.



Fiosraígí sraitheoga. Srathaígí na trasdulta, na fuaimeanna, na héifeachtaí, na teidil agus na creidiúintí.
Déanaigí machnamh ar uainiú.

Déanaigí machnamh ar an dóigh le bhur scannán a fheabhsú agus cuirigí na hathruithe atá de dhíth i bhfeidhm.

Sábhálaigí bhur gcuid oibre san áit ar inis bhur múinteoir daoibh í a shábháil agus tugaigí ainm cuí don chomhad.

Soilse, Ceamara, Aicsean!

Cuid 3

Déanaigí script scannáin a phleanáil agus lucht féachana ar leith ar intinn agaibh.

Déanaigí clár scéalta le leagan amach bhur scannáin a phleanáil. Cuirigí script ann do chaint ar bith ba mhaith libh a chur sa scannán. Déanaigí athbhreithniú ar bhur gclár scéalta agus bhur script arís agus déanaigí athruithe ar bith atá de dhíth dar libh.

Bainigí úsáid as ceamara le híomhánna gluaiste éagsúla a chumadh agus a thaifeadadh. Déanaigí fuaimeanna a thaifeadadh más gá.



Bainigí úsáid as pacáiste bogearraí cuí, mar shampla Windows Movie Maker, le bhur gcuid íomhánna a iompórtáil agus le gearrscannán a dhéanamh. Roghnaígí cé acu de bhur gcuid íomhánna a chuirfidh sibh isteach ann.



Is féidir libh fuaimeanna breise ó CD-ROM nó ón Idirlíon a chur in bhur gcuid oibre. (Cinntígí le bhur múinteoir go bhfuil cead agaibh na fuaimeanna seo a úsáid).

(lean ort ar an chéad leathanach eile)

Soilse, Ceamara, Aicsean!

Cuid 3 (ar lean)



Fiosraígí sraitheoga. Srathaígí na trasdulta, na fuaimeanna, na héifeachtaí, na teidil agus na creidiúintí. Déanaigí iarracht uainiú cuí a úsáid agus sibh ag cur na scannán in eagar, le híomhánna a mhaitseáil le fuaim.

Déanaigí bhur scannán a mheas agus cuirigí athruithe ar bith atá de dhíth i bhfeidhm.

Sábhálaigí bhur gcuid oibre san áit ar inis bhur múinteoir daoibh í a shábháil agus tugaigí ainm cuí don chomhad.